**Foilsiú teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach a fhormheas ar an tsonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona, dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún**

(2022/C 397/14)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1]

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

**"Odobeşti"**

**PDO-RO-A1586-AM02**

**Dáta teachtaireachta: 21 Iúil 2022**

**TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS**

**Tásca roghnacha a chur ar lipéadú**

Cuirtear forálacha breise leis an tsonraíocht maidir le tásca roghnacha ar lipéadú fíonta a thagraíonn do mhodhanna áirithe táirgthe (téarmaí a úsáid a chomharthaíonn cleachtais fíonóireachta arna gcur i bhfeidhm ar fud an domhain a thugann a gcuid saintréithe céadfacha sainiúla do na fíonta, atá tábhachtach don tomhaltóir maidir le cáilíocht, aibíocht agus aosú).

Tá Caibidil VI den tsonraíocht agus pointe 9 den doiciméad aonair leasaithe.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

   Odobeşti

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

   STFC – Sonrúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

   1. Fíon

4. **Tuairisc ar an bhFíon nó ar na fíonta**

   1. *Saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha fíonta geala/rosé*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá sainmharc sonrach an limistéir le feiceáil ar na fíonta geala, le mionbhlasanna bláthanna, mionbhlasanna milse agus mionbhlasanna coimhthíocha nó de thorthaí citris. Tá roinnt fíonta measartha aigéadach nó an-aigéadach, le blas láidir úire agus raon aramatach leathan acu atá idir mionbhlasanna suntasacha luibheanna agus mionbhlasanna torthaí trópaiceacha de chineál milis, agus dea-bholadh bláthanna fíniúna orthu go minic.

Tá na fíonta geala mín, tá siad neodrach ó thaobh dea-bholaidh, le dea-bholaithe úll, mionbhlasanna bláthanna (Fetească regală), dea-bholadh rósanna milse a chomhlánaítear le haois le blúiríní muisc, rísíní, mil (Tămâioasă românească) nó torthaí citris agus mionbhlasanna luibheanna a thugann beocht agus úire in éineacht le dea-bholaithe bláthanna agus dea-bholaithe ar éigean de thorthaí úra (Crâmpoșie).

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | 15.00 |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9.00 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 18 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 200 |

2. *Saintréithe orgánaileipteacha agus anailíseacha - fíonta dearga*

TUAIRISC THÉACSÚIL GHAIRID

Tá carnadh méadaithe tainniní daite sna fíonta dearga, le comhchruinniú aramatach, le blas torthaí agus cothromaíocht mhaith i ngeall ar an gcarnadh siúcraí, le blas leanúnach, agus mionbhlasanna sócamais agus úra.

Tá dea-bholaithe éagsúla ar na fíonta dearga, boladh prúnaí griantriomaithe (Fetească neagră), agus d’fhéadfaí blas fiáin, adhmaid a fháil uathu ar dtús, trí phiobar glas agus ar aghaidh le boladh d’fhíonchaora ró-aibí agus sméara dubha (Cabernet Sauvignon), nó boladh milis silíní aibí agus torthaí dearga, le blas rísíní, tobac, nó piobar dubh de réir mar a théann an fíon in aois.

| Saintréithe anailíseacha ginearálta | |
|---|---|
| Uasmhéid nirt alcóil iomláin (mar % den toirt) | 15,00 |
| Íosmhéid nirt alcóil iarbhír (mar % den toirt) | 9,00 |
| Íosmhéid aigéadachta iomláine | 3.5 gram in aghaidh an lítir, arna léiriú mar aigéad tartarach |
| Uasmhéid aigéadachta luainí (mar mhilleachoibhéisí in aghaidh an lítir) | 20 |
| Uasmhéid dé-ocsaíde sulfair iomláine (mar mhilleagraim in aghaidh an lítir) | 150 |

## 5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fíoneolaíochta shonracha*

1. Saintréithe agus cleachtais saothraithe

Cleachtas saothraithe

— 3 300 planda/heicteár ar a laghad i bplandálacha atá ann cheana.

— modh oiliúna: faoi mar a roghnóidh an táirgeoir, ag brath ar an éagsúlacht agus ar an ithir agus ar dhálaí aeráide.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Sauvignon, Pinot Gris, Muscat Ottonel, Traminer alb, Tămâioasă românească, Traminer roz

15 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. Aligote, Şarba, Băbească Gri, Chardonnay, Fetească albă, Frâncuşă, Riesling de Rhin, Donaris

16 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Merlot

17 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. Fetească Regală, Crâmpoşie selecționată, Mustoasă de Măderat, Riesling Italian, Galbenă de Odobești

19 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. Crâmpoşie, Furmint, Muscadelle, Grasă de Cotnari, Semillon

19 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

6. Plăvaie, Băbească Neagră, Codană, Syrah, Sangiovese, Barbera, Nebbiolo, Zweigelt

21 500 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

7. Sauvignon, Pinot Gris, Muscat Ottonel, Traminer alb, Tămâioasă românească, Traminer roz

115 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. Aligote, Șarba, Băbească Gri, Chardonnay, Fetească albă, Frâncușă, Riesling de Rhin, Donaris

127 heictilítear in aghaidh an heicteáir

9. Fíonóireacht gheal ar na héagsúlachtaí: Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Merlot

135 heictilítear in aghaidh an heicteáir

10. Fetească Regală, Crâmpoşie selecționată, Mustoasă de Măderat, Riesling Italian, Galbenă de Odobești

146 heictilítear in aghaidh an heicteáir

11. Cabernet Sauvignon, Fetească Neagră, Pinot Noir, Merlot

129 heictilítear in aghaidh an heicteáir

12. Crâmpoşie, Furmint, Grasă de Cotnari, Muscadelle, Semillon

146 heictilítear in aghaidh an heicteáir

13. Plăvaie

165 heictilítear in aghaidh an heicteáir

14. Băbească Neagră, Codană, Syrah, Sangiovese, Barbera, Nebbiolo, Zweigelt

159 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

Contae Vrancea

— Baile Odobeşti - sráidbhaile Unirea;

— Bardas Jariştea - sráidbhailte Jariştea, Pădureni, Scânteia, Vărsătura;

— Bardas Boloteşti - sráidbhailte Boloteşti, Pietroasa, Vităneştii de sub Măgură, Găgeşti, Putna, Ivănceşti

— Bardas Broşteni- sráidbhailte Broşteni, Pituluşa, Arva

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Aligoté B - Plant de trois, Plant gris, Vert blanc, Troyen blanc

Barbera N

Babeasca gri G

Băbească neagră N - Grossmuttertraube, Hexentraube, Crăcana, Rară neagră, Căldăruşă, Serecsia

Cabernet-Sauvignon N - Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B - Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Codană N

Crâmpoşie B

Crâmpoşie selecționată B

Donaris B

Fetească albă B - Păsărească albă, Poama fetei, Mädchentraube, Leanyka, Leanka

Fetească neagră N - Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B - Königliche Mädchentraube, Königsast, Kiralyleanka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Frâncuşă B - Vinoasă, Mildweisser, Mustoasă de Moldova, Poamă creață

Furmint B - Furmin, Şom szalai, Szegszolo

Galbenă de Odobești B - Galbenă de Căpătanu, Galbenă Uriaşă, Galbenă

Grasă de Cotnari B - Dicktraube, Grasă, Köver szölö

Merlot N - Bigney rouge

Muscadelle B - Moscatello bianco, Mouscadet doux

Muscat Ottonel B – Muscat Ottonel blanc

Mustoasă de Măderat B - Lampau, Lampor, Mustafer, Mustos Feher, Straftraube

Nebbiolo N

Pinot Gris G - Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Pinot Noir N - Blauer Spätburgunder, Burgund mic, Burgunder roter, Klăvner Morillon Noir

Pinot Noir N - Spätburgunder, Pinot nero

Plăvaie B - Bălană, Plăvană, Poamă bălaie

Riesling de Rhin B - Weisser Riesling, White Riesling

Riesling italian B - Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Sangiovese N - Brunello di Montalcino, Morellino

Sauvignon B — Sauvignon glas

Syrah N - Shiraz, Petit Syrah

Semillon B - Semillon blanc

Traminer Rose Rs - Rosetraminer, Savagnin Rose, Gewürztraminer

Traminer aromat alb B

Tămâioasă românească B - Busuioacă de Moldova, Muscat blanc à petit grains

Tămâioasă românească B - Rumänische Weihrauchtraube, Tamianka

Zweigelt N - Blauerzweigelt, Negru de Zweigelt, Zweigelt blau

Şarba B

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

Nasc leis an limistéar críochaithe

Mionsonraí an limistéir gheografaigh

Substráit liteolaíoch – gaineamh agus gairbhéal réamhghlárach-díleghlárach, cumhdaithe le deascán lóis, ina gcuimsítear coimpléasc bloghrach Pléisticéineach socraithe ar shraitheanna malartacha de mharla muirí, cré agus gaineamh Pléicéineach.

Faoiseamh: leibhéal mín claonfoirt réamhghlárach-díleghlárach, atá claonta sách cothrom ag 300 méadar siar agus 100 méadar soir, agus ó bhun fhána chírín chnoc Odobești den leiceann cnoic taobh le Machair na Rómáine. I dtéarmaí na geomoirfeolaíochta, tá idirdhromanna leathana atá comhthreomhar leis an I-O sa limistéar. I ngeall ar dhifríochtaí morfaiméadracha san airde agus san oscailt, is féidir raon leathan éagsúlachtaí fíniúna a chur sna fíonghoirt.

An aeráid: teocht ilchríochach le tionchair fhoircneacha i ngeall ar aermhaiseanna ó Oirthear na hEorpa agus aermhaiseanna an Atlantaigh ón Iarthar agus ón Iarthuaisceart ar feadh na bliana ar fad, ach le linn na séasúr athraitheach go príomha. Taispeántar le déine sholas na gréine go domhanda luachanna bliantúla os cionn 120 $Kcal/cm^2$ ar an meán, le difríochtaí idir 110 ar an hoscailtí ó thuaidh agus 140 ar na hoscailtí ó dheas.

De réir shonraí Stáisiún Taighde Odobeşti, tá an aeráid sa réigiún éirithe níos teo le 40 bliain anuas.

Ithreacha: na hithreacha sa limistéar agus an síneadh is mó is ea ithreacha Mollasail, lena ngabhann seornaiseoim laghdaithe (caimbeacha agus créúil-inláisteach) atá sa chuid thoir agus láir den réigiún fíonsaothrúcháin agus ithreacha liatha sa chuid thiar. Áirithítear tréscaoilteacht, draenáil agus airíonna luachmhara fisiceacha agus teicneolaíochta le huigeacht mheasartha agus éadrom na hithreach, le comhdhéanamh maith ceimiceach agus comhábhair shuntasacha de húmas agus cothaithigh atá oiriúnach go háirithe chun fíniúnacha a chur.

Sonraí faoin táirge:

Léirítear cineál agus aois an fhíona le dath na bhfíonta geala; tá saintréithe dea-bholaidh (cumhracht i seanfhíonta) agus blais níos láidre iontu, an blas agus an boladh agus an mhíne ag teacht le chéile. Is mar gheall ar an limistéar geografach ina bhfuil siad na saintréithe tipiciúla a bhaineann leo, an déine níos airde sa dath go háirithe, agus níos sonraí fós acmhainní héiliteirmeacha flúirseacha agus na hithreacha éadroma. Cuidíonn suíomh limistéar Odobeşti ar bhunchnoic Shléibhte Fo-Chairp leis sin, atá 200 m ar airde ar an meán. Tá ceangal ag an limistéar sin ar bhonn bith-pheidichlíomach le Machaire na Rómáine agus ar bhonn géiniteach le Sléibhte Fo-Chairp, ach is limistéar teagmhála faoi leith é a bhfuil a ghnéithe éiceolaíocha féin aige atá fabhrach don fhíonsaothrú.

Tá cáil an fhíonghoirt seo imithe i méid ón 17ú céad. Dar le "Descriptio Moldaviae" le Dimitrie Cantemir, bhí fíonghoirt Odobeşti sa tríú háit sa tír ó thaobh cáilíochta. Ní haon chomhtharlú é go mba le rialtóirí Moldávacha na fíonghoirt sa réigiún seo tráth den saol, muintir Mhórcheantar Iaşi agus easpaig na Róimhe agus Radăuţi.

Bhí cáilíocht an fhíona sa réigiún seo chomh hard gur tugadh chuig an bPolainn agus an Rúis é ar iarraidh a rialtóirí i gcaitheamh na mblianta (in 1456 d'iarr Rí Casimir na Polainne ar Petru Rareş, rialtóir na Moldáive, fíon a fháil ón réigiún seo).

Idirghníomhaíocht chúisíoch

I ngeall ar na dálaí aeráide agus an ithir ina bhfuil lear mór aigéid, bíonn tóir ar na fíonta a fhaightear ann mar gheall ar a n-úire agus an blas torthaí atá orthu.

Leis na 2 100 uair an chloig gréine ar an meán gach bliain, áirithítear go bhfuil na dálaí is fearr ann chun siúcraí agus na substaintí aramatacha i bhfíonchaora a aibiú agus a chomhchruinniú, lena gcinntear dea-bholaithe príomha an fhíona. Bíonn an mheánteocht bhliantúil thart ar 9-10 °C, is é sin an meánraon teochta (ascalú teirmeach).

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil:

sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál choinníoll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Gan forálacha breise.

Tásca roghnacha le húsáid ar lipéadú

Creat dlíthiúil:

i Reachtaíocht an Aontais

Cineál choinníoll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Féadfar roinnt tásc a thagraíonn do mhodhanna áirithe táirgthe a úsáid ar bhonn saorálach, mar a leanas:

— féadfar na tásca "*fermentat in barrique* [coipthe i mbairillí]", "*maturat in barrique* [aibithe i mbairillí]", "*fermentat în prezența așchiilor de stejar* [coipthe i láthair slisíní darach" agus "*maturat în prezența așchiilor de stejar* [aibithe i láthair slisíní darach]" a thaispeáint ar an lipéadú sa Rómáinis, nó féadfar téarmaí i dteangacha a úsáidtear go hidirnáisiúnta a úsáid chun an tomhaltóir a chur ar an eolas go mbaintear úsáid as an bpróiseas luaite, amhail aon cheann de na tásca seo a leanas:

— "múch-chóireáilte" nó "deataithe" nó "tóstáilte" sa Ghaeilge, cibé acu atá nó nach bhfuil an téarma in éineacht leis a thugann tuairisc ar dhéine na cóireála teasa arna cur i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. "éadrom", "measartha" nó "trom".

— "fumé" nó "fumée" sa Fhraincis, cibé atá nó nach bhfuil an téarma in éineacht leis a thugann tuairisc ar dhéine na cóireála teasa arna cur i bhfeidhm ar an adhmad darach a úsáidtear, i.e. "légère", "moyenne", "forte" nó "petite fumé", "demi fumé", "intense fumé".

Féadfaidh na tásca sin a bheith in aon teanga eile a úsáidtear go hidirnáisiúnta nó i dteanga na tíre ina bhfuil sé beartaithe an táirge fíona a mhargú má roghnaíonn an táirgeoir fíona amhlaidh, chun an tomhaltóir a chur ar an eolas faoi úsáid cleachtas arna gcur i bhfeidhm ar fud an domhain chun fíonta a fháil lena ngabhann saintréithe céadfacha sainiúla.

I gcás fíonta a théann faoi thréimhse aibithe nó aosaithe ar na moirt, féadfaidh an lipéad téarmaí a chuimsiú mar "sur lie", "bâttonnage" nó "aosaithe ar na moirt".

**nasc chuig an tSonraíocht táirge**

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_sarcini_doc_odobesti_modif_cf_cererii_1426_14.06.2019_si_484_02.03.2022_no_track_changes.pdf